

Flóra na hÉireann



Flóra na
hÉireann

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta





Flóra na hÉireann

Curtha i gcló: Meán Fómhair 2026

Údair an leabhráin: Triona Nic Fhinn & Róisín Ní Mhulláin, COGG

Profléitheoir: Pól Ó Cainín, COGG

Bainisteoir Tionscadail: Mícheál S. Mac Donncha

Ábhar na bPainéal: Seathrún Ó Tuairisg

Dearadh na bPainéal: Caoilfhionn Uí Thuairisg, Lusna Design

Foilseachán de chuid na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus
Gaelscolaíochta (COGG)

Clódóirí: Clódóirí Lurgan Teo.

Cóipcheart: @COGG

NÓTA CÓIPEÁLA: Níl cead cóipeanna a thabhairt ná a dhíol.



Clár Ábhar

Réamhrá	04
Pacáistí Acmhainní	06
Achoimre ar na Painéil	07
Meas ar an Timpeallacht	09
Cúrsaí Sábháilteachta	10
Foghlaim Allamuigh	11
Naisc Churaclaim	12
Measúnú	13
Ionchuimsiú agus Éagsúlacht	14
Acmhainní Breise agus Tagairtí	15

Réamhrá

Forbraíodh an tsraith seo d'ocht bpainéal flóra chun tacú le múinteoirí agus daltaí bunscoile staidéar a dhéanamh ar bhláthanna, ar phlandaí, ar ghnáthóga agus ar an mbithéagsúlacht ina dtimpeallacht féin.

Sa lámhleabhar seo tugtar eolas ginearálta faoi úsáid na bpainéal, agus treoir faoi fhoghlaim lasmuigh, ionchuimsiú, measúnú agus cúram na timpeallachta.



Tá cur i láthair ar leith ag gabháil le gach painéal, ina bhfuil moltaí teagaisc agus naisc churaclaim níos mionsonraithe. Tá siad ar fáil ar Padlet Bunscoile COGG.

Trí iniuchadh a dhéanamh ar na painéil seo cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí na gnáthóga mórtimpeall orthu a thabhairt faoi deara agus na plandaí iontu a aithint agus a ainmniú.

Cothaítear fiosracht agus tuiscint na bpáistí nuair a thugtar deiseanna dóibh breathnú go grinn ar bhláthanna agus ar phlandaí, agus ar na hathruithe séasúracha a tharlaíonn ina dtimpeallacht féin. Cabhraíonn an plé agus an fhoghlaim seo le tuiscint níos fearr ar ghaoil idir na nithe seo agus ainmhithe agus daoine. Cumasaíonn na héipéiris foghlama seo na páistí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha ina gceantar féin agus le forbairt a dhéanamh ar luachanna agus dearcthaí dearfacha maidir le hinbhuanaitheacht.

Cuireann an acmhainn seo ar chumas na ndaltaí tabhairt faoin bhfoghlaim sin trí mheán na Gaeilge, agus an stór focal a bhaineann leis an bhflóra a shealbhú agus a úsáid.

“Tá caomhnú na bithéagsúlachta ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an gcine daonna, agus tá an-tábhacht le hardú feasachta faoin ábhar seo le gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil seo.

Tá an bhithéagsúlacht riachtanach do na próisis a thacaíonn le gach rud beo, daoine san áireamh, le maireachtáil ar an bpláinéad seo. An t-uisce a ólann muid, an t-aer a n-análann muid, an bheatha a itheann muid, tá siad ag brath ar éiceachórais fholláine, agus tá saibhreas bithéagsúlachta ag teastáil le go mbeidh na héiceachórais sin sláintiúil.

Tá ceangal láidir idir an dúlra agus an teanga a úsáideann muid chun é a thuiscint. Ach na focla, na hainmneacha, agus na nathanna a bhaineann leis an domhan beo, agus chuige sin an caidreamh a bhí againn leis an nádúr, tá siad imithe in éag le himeacht na nglúnta. Is iarracht atá sna hacmhainní seo tacú le gasúir scoile dul i ngleic arís le flóra na hÉireann ina dteanga dúchais.

Tá an bhithéagsúlacht agus an inbhuanaitheacht lárnach i gclár teagaisc agus taighde Ollscoil na Gaillimhe freisin. Aithníonn an Ollscoil an tábhacht atá le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus tá na spriocanna seo leabaithe i bplean straitéiseach na hOllscoile. Baineann SDG 15: Beatha ar Talamh — faoi chosaint éiceachóras agus cailteanas bithéagsúlachta — go háirithe le hábhar na n-acmhainní seo.”

Seathrún Ó Tuairisg, Ollscoil na Gaillimhe

“Cuirfimid an-fháilte roimh an tionscadal seo ar **Fhlóra na hÉireann**, molaimid obair iontach Sheathrúin Uí Thuairisg agus na painéil mar acmhainn do scoileanna. Tuigtear dúinn an tábhacht a bhaineann leis an tionscadal do mhúinteoirí agus do pháistí agus cuireadh acmhainní eile leis na painéil - acmhainní ar Padlet Bunscoile COGG, físeán eolais agus leabhrán do mhúinteoirí.

Tá súil againn go spreagfaidh na painéil daltaí agus múinteoirí chun breathnú níos géire ar a dtimpeallacht féin agus chun taitneamh a bhaint as saibhreas nádúrtha agus teanga a gceantair.

Ba mhór linn ár mbuíochas a ghabháil le Seathrún Ó Tuairisg, Foireann Ollscoil na Gaillimhe, Príomhoide Áine Ní Thuathail, Múinteoir Aonghus, foireann agus páistí Scoil na bhForbacha.”

Jacqueline Ní Fhearghusa, Príomhfheidhmeannach, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Pacáistí Acmhainní

Sa phacáiste acmhainní, **Flóra na hÉireann**, cuirtear ábhair ar fáil don fhoghlaím chun tacú le múinteoirí sa seomra ranga. Tá gnéithe éagsúla sa phacáiste seo; na 8 bpainéal, físeán eolais, treoirleabhar agus acmhainní ar Padlet.

Na 8 bPainéal

Is painéal ilaimsire iad seo le heolas agus le híomhánna faoi na bláthanna agus faoi na plandaí a fhásann sna gnáthóga éagsúla.




Físeán eolais




San fhíseán eolais tugtar cur síos ar chur chuige samplach agus ar úsáid na bpainéal sa seomra ranga. Tá Múinteoir Aonghus agus Rang 6 (Scoil Náisiúnta na bhForbacha, Gaillimh) ag plé le Flóra an Chladaigh agus daltaí ar cuairt chuig an ngnáthóg agus iad i mbun iniúchta ar phlandaí agus ar bhláthanna.

An Treoirleabhar

Sa lámhleabhar seo, tugtar eolas ginearálta faoi úsáid na bpainéal, agus treoir faoi fhoghlaím allamuigh, forbairt teanga, teagasc, foghlaim agus measúnú, ionchuimsiú, agus cúram na timpeallachta.



Acmhainní ar Padlet Bunscoile COGG



Tá acmhainní úsáideacha ar fáil don mhúinteoir anseo agus is féidir iad a chur in oiriúint, a fhorbairt agus a úsáid sa seomra ranga.

Achoimre ar na Painéil

Seo liosta na bpaineál atá ar fáil do scoileanna:

- Ag Bláthú ó Cheann Ceann na Bliana
- Flóra an Chladaigh

- Fainic na Plandaí Seo!
- Fásra an Phortaigh

[illegible]

Éireann
Ireland

Fainín na Plandaí Seo!

Mearacán an Fhíca

Cé go bhfuil na plandaí
níos móra ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Feabhán Camail

Dúinn siar sa ghraimín mór
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Dóthabha Béin

Mairbh na plandaí níos mó
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Caluas Chaim

Is minic a bhíonn na plandaí
níos móra ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Neantóg

Cé nach bhfuil níos mó
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

Cé gur lomaí úsáid a bhaineann daoine as plandaí
éagslaí - mar bhia, mar leighis, mar dhor
ceardachtaí - 's plandaí ag fáil in Éirinn atá in
ann dochar a dhéanamh dúinn.

Ní hiontach go mbeann dochar i ndán neantóige,
ach 's plandaí ann, na feabháin capall na
shompa, in ann damáiste uafasach a dhéanamh
don chraiceann ná bheithleir orthu. Tá níos
bplandaí eile agus fainín ann isofa ad!

Ba cheart a bheith ar an oideall fad phlandaí
le bláthraí móra bána go hiontach. Cé go bhfuil
cuid acu seo inite, tá áin eile acu na plandaí
níos móra ná na plandaí eile, agus bíonn sé an-deacair
sílídhéa a dhéanamh eatarthu.

Ach ní feidir leis na plandaí seo rith i ndiaidh!
Céard fada is go mbeidh na cianseach seo agus
go bhfuilgháil tu ad na feithil agus na héin
atá ag brath orthu, beidh sídian agus hua
sána sábháil.

Lín an Chromáin

Anbairt ar gheille nua
a bhíonn na plandaí ann
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Fuath Gorm

Tá na fuath gorm seo dhá
plandaí dhána i ndáil agus
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

An Tíú

Tá dhá gorm agus fath
dhána i ndáil agus
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile,
ní hiontach ná na plandaí eile.

Ar Chomhairle na Clárach
Cultúir na hÉireann

Comhairle na Clárach
Cultúir na hÉireann

Ionad an Acadaimh - Carna
Comhairle na Clárach - Ionad na hÉireann

[illegible][illegible]

Achoimre ar na Painéil

Seo liosta na bpaineál atá ar fáil do scoileanna:

- Flóra agus Feithidí
- Plandaí Spráíúla

- Plandaí Neamhdhúchasacha
- Plandaí ar Thalamh Féaraigh

[illegible][illegible][illegible]

Plandaí ar Thalamh Féaraigh

An Airgead Luacha

Heathen cluainí cuimhín ar
aingil saor-féilid, tá na
máirín reatha ar fáil bháis.

An Gloghrán

Dáiríne cluainí ar ghlóghrán
heathen cluainí ar gloghrán
ar gloghrán ar gloghrán.

An Nólin Már

Tá dath bán ar nólin mhór
cluainí cluainí ar nólin mhór
ar nólin mhór ar nólin mhór.

An Beomair Dhearg

Ní bhíne naes nádaig ar heathen
cluainí cluainí ar heathen
cluainí cluainí ar heathen.

An Crobh Éin

Tuair ar crobh éin ar an bheathen
cluainí cluainí ar an bheathen
cluainí cluainí ar an bheathen.

Fíndí na Nuc

Ní bhíne naes nádaig ar heathen
cluainí cluainí ar heathen
cluainí cluainí ar heathen.

Cluas Chair

Tuair cluas chair ar an bheathen
cluainí cluainí ar an bheathen
cluainí cluainí ar an bheathen.

An Tim Cheirbe

Bíne bhíne bhíne ar heathen
cluainí cluainí ar heathen
cluainí cluainí ar heathen.

An Fearbair Féir

Féirín ar fearbair féir ar heathen
cluainí cluainí ar heathen
cluainí cluainí ar heathen.

An Chomhairle ar Oideachas
Gaeltachais i nGaeilge

Comhairle
Gaeltachais
i nGaeilge

Isaon an Acadhán 'Carna
comhairle' i nGaeilge i nGaeilge

Meas ar an Timpeallacht

Tá éagsúlacht shaibhir bláthanna agus plandaí in Éirinn. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaímíonn páistí faoin éagsúlacht seo ionas go dtuigean siad an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus iad ag forbairt mar shaoránaigh ghníomhacha.

Is cuid de ghnáthóg níos leithne iad gach bláth agus gach planda. Braitheann feithidí, éin agus ainmhithe eile ar phlandaí le haghaidh bia agus foscadh, agus tá na plandaí féin ag brath ar ithir, uisce, solas agus pailneoirí chun maireachtáil.

Is ceart teachtaireacht dhearfach a chur chun cinn maidir leis an ról atá ag páistí mar shaoránaigh ghníomhacha agus na gníomhartha is féidir leo a dhéanamh le gnáthóga a chosaint, mar shampla;

- bláthanna agus plandaí dúchasacha a chur,
- pailneoirí ar nós feithidí agus éin a mhealladh chuig an ngnáthóg,
- gan lorg a fhágáil ar ghnáthóga ina ndhaidh.

Tagann sé seo le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; treochlár idirnáisiúnta chun domhan níos fearr a chruthú, Sprioc 15, Beatha ar Talamh, ach go háirithe.



Tagairt: <https://developmenteducation.ie>

Cúrsaí Sábháilteachta

Is í sábháilteacht na ndaltaí agus na múinteoirí an phríomhthosaíocht agus obair allamuigh á pleanáil. Moltar measúnú riosca a dhéanamh roimh ré ar an suíomh agus ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe.



Seo thíos seicliosta samplach de na nithe ba cheart a chur san áireamh:

Roimh imeacht:

- Déan measúnú riosca ar an suíomh agus ar na gníomhaíochtaí.
- Faigh ceadanna agus cuir socruithe riachtanacha i gcrích.
- Seiceáil aimsir agus coinníollacha an tsuímh.
- Socraigh cóimheas cuí maoirseachta.
- Mínigh treoracha sábháilteachta do na daltaí.
- Mol éadaí agus bróga oiriúnacha.
- Ullmhaigh trealamh riachtanach san áireamh anseo atá trealamh garchabhrach.
- Cuir socruithe oiriúnacha taistil i bhfeidhm.
- Faigh eolas ábhartha faoi riachtanais leighis nó ailléirgí na ndaltaí.

Le linn na hoibre allamuigh:

- Leag teorainneacha soiléire síos don ghrúpa.
- Déan comhaireamh ar na daltaí go rialta.
- Déan maoirseacht leanúnach.
- Ná blais plandaí anaithnide ná ná láimhseáil iad gan treoir.
- Tabhair aird ar thalamh míchothrom, uisce, trácht agus guaiseacha nádúrtha eile.
- Léirigh meas ar phlandaí, ar ainmhithe agus ar an ngnáthóg.

Sula bhfághtar an suíomh:

- Déan comhaireamh ar gach dalta agus gach ball foirne.
- Bailigh gach trealamh.
- Ná fág aon bhruscar ná ábhar i do dhiaidh.
- Glan nó nigh lámha nuair is cuí.

Foghlaim Allamuigh

Tá obair allamuigh i ngnáthóga nádúrtha thar a bheith luachmhar do pháistí bunscoile. Tacaíonn sé seo le Creatchuraclam na Bunscoile (2023, lch. 19), ina leagtar béim ar thuiscint na bpáistí ar na timpeallachtaí daonna agus nádúrtha agus ar an ngaol eatarthu, chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh ceisteanna agus deiseanna áitiúla a shainaithint, a fhiosrú agus a imscrúdú go gníomhach.



Ach tá buntáistí na foghlama allamuigh níos leithne ná foghlaim faoin dúlra amháin;


- cuirtear an fhoghlaim i gcomhthéacs praiticiúil, fíorshaoil, rud a chuireann beocht agus brí le coincheapa curaclaim;
- forbraítear scileanna breathnóireachta, ceistiúcháin, fiosrúcháin, taifeadta agus réitigh fadhbanna;
- tugtar deiseanna do pháistí foghlaim go gníomhach trína gcéadfaí;
- spreagtar fiosracht, cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil;
- cothaítear scileanna cumarsáide, comhoibrithe agus obair foirne;
- tacaítear le gníomhaíocht choirp, folláine, féinmhuinín agus teacht aniar.

Trí dheiseanna rialta d'obair allamuigh a chur ar fáil, cothaítear nasc idir na páistí agus a dtimpeallacht agus spreagtar iad chun meas, cúram agus freagracht a léiriú ina leith.




Naisc Churaclaim

Léirítear anseo naisc a d'fhéadfadh a bheith idir na painéil flóra agus réimsí éagsúla de Churaclam na Bunscoile. Is moltaí ginearálta iad seo. Is féidir le múinteoirí naisc eile a aithint bunaithe ar ábhar an phainéil, ar riachtanais agus ar ábhair spéise na bpáistí, ar an gcéim churaclaim agus ar chomhthéacs áitiúil na scoile.



Tá cóip ineagarthóireachta den ghreille thíos ar fáil ar Phadlet Bunscoile COGG. Is féidir í a úsáid chun pleanáil a dhéanamh do na painéil aonair. Scan an cód QR chun teacht uirthi.

Graibhig	ETIM	Teanga	OSI	Folláin	Oideachas Ealaíon	Na Príomhinniúlachtaí
Ag Baintú ó Chomairle na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						
Fáil ar Phadlet na Bunscoile						



Measúnú

Is cuid lárnach den fhoghlaim agus den teagasc é an measúnú. Agus na painéil flóra á n-úsáid, ní gá gníomhaíocht mheasúnaithe ar leith a dhéanamh i gcónaí. Is féidir eolas luachmhar a bhailiú trí bhreathnú ar na páistí, trí chomhrá leo, trína gcuid oibre agus a gcuid fiosrúchán a scrúdú agus trí dheiseanna féinmheasúnaithe a thabhairt dóibh.

Breathnóireacht

Nuair a bhíonn na páistí ag obair, tabhair faoi deara:

- An féidir leo bláthanna nó plandaí áirithe a aithint agus a ainmniú?
- An féidir leo plandaí a chur i gcomparáid nó a rangú?
- An dtuigeann siad na gaoil idir plandaí, gnáthóga, feithidí agus séasúir?
- An féidir leo ceist a chur, tuar a dhéanamh, agus eolas a bhailiú?
- An bhfuil siad in ann an stór focal Gaeilge cuí a úsáid agus iad ag caint faoin dúlra?

Ceistiú agus comhrá

Úsáid ceisteanna oscailte chun tuiscint na bpáistí a fhiosrú:

- Cad a thugann tú faoi deara?
- Cad atá mar an gcéanna / difriúil?
- Cén fáth, dar leat, a bhfásann an planda sin anseo?
- Cad a cheapann tú a tharlódh dá...?
- Cén fhianaise atá agat?
- Conas a d'fhéadfaimis é sin a fháil amach?

Samplaí oibre

Is féidir fianaise a fháil freisin ó:

- sceitsí agus líníochtaí lipéadaithe;
- grianghraif;
- táblaí agus graif;
- léarscáileanna;
- póstaer;
- taifeadtaí fuaime nó físe;
- cur i láthair ó bhéal;
- punanna foghlama.

Guth an pháiste agus féinmheasúnú

D'fhéadfadh páistí machnamh a dhéanamh ar a n-obair féin trí cheisteanna a fheagairt ar nós

- Rud nua a d'fhoghlaim mé ná...
- Rud a chuir iontas orm ná...
- Ceist atá agam fós ná ...
- Planda is féidir liom a aithint anois ná...
- Ba mhaith liom tuilleadh a fháil amach faoi...

Ní gá gach gné den fhoghlaim a thaifeadadh. Roghnaigh an fhianaise is fearr chun tuiscint a fháil ar fhoghlaim na bpáistí agus chun cinneadh a dhéanamh faoin gcéad chéim eile san aistear foghlamtha.

Ionchuimsiú agus Éagsúlacht

Ba chóir go mbeadh deis chothrom ag gach páiste páirt a ghlacadh san fhoghlaim agus mothú go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad sábháilte agus go mbaineann siad leis an ngrúpa. Agus na painéil á n-úsáid, is féidir bacainní ar an bhfoghlaim a laghdú tríd an timpeallacht agus na bealaí rannpháirtíochta a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí agus na gníomhaíochtaí a bhíonn in úsáid.

Rochtain ar an timpeallacht

Roghnaigh suíomh atá sábháilte agus inrochtana do gach páiste. Smaoinigh ar dhromchlaí míchothroma, achar siúil, agus spás do chathaoireacha rothaí nó d'áiseanna soghluaisteachta. Mura féidir le páiste dul chuig gnáthóg ar leith, tabhair an dúlra chuige nó chuici trí shamplaí oiriúnacha, grianghraif, nó físeáin.

Bealaí Éagsúla Rannpháirtíochta

Cuir an t-eolas i láthair ar bhealaí éagsúla agus tabhair rogha do na páistí maidir leis an gcaoi a nglacfaidh siad páirt agus a léireoidh siad a gcuid foghlama: míniú ó bhéal, íomhánna, físeáin, fíorábhair agus taispeántais srl.

Scafall agus Dúshlán Breise

Cuir dúshlán breise nó tacaíocht bhreise ar fáil de réir riachtanais, spéiseanna agus láidreachtaí na bpáistí. Éist le guth na bpáistí agus cuir a gcuid roghanna agus moltaí san áireamh agus an fhoghlaim á pleanáil.

Riachtanais Chéadfacha

Cuir roghanna ciúine nó sos céadfach ar fáil do pháistí a bhféadfadh torann, teagmháil, boladh nó an aimsir cur isteach orthu.

Idirghníomhú na bPáistí

Bain úsáid as obair aonair, obair bheirte agus obair ghrúpa. Nuair a bhíonn na páistí ag obair le chéile, bí cinnte go bhfuil ról fiúntach ag gach páiste.

Ní gá do gach páiste an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh ar an mbealach céanna. Is é an sprioc ná go mbeidh gach páiste in ann páirt fhiúntach a ghlacadh, agus foghlaim agus taitneamh a bhaint as an dúlra.

Acmhainní Breise & Tagairtí

Suíomhanna Idirlín

Plandaí na hÉireann: www.plandai.ie

Crainnte & Sceacha: www.crainnte.ie

Bláthanna Fiáine na hÉireann: <https://www.irishwildflowers.ie>
<https://www.wildflowersofireland.net>

Logainmneacha na hÉireann: www.logainm.ie

Bailiúchán Lámhscríbhinní: www.duchas.ie

Garraithe Náisiúnta na Lus: <https://www.botanicgardens.ie>

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta: <https://biodiversityireland.ie>

BSBI Atlas na bPlandaí 2020: <https://plantatlas2020.org/>

Plean Uile-Éireann um Pailneoirí: <https://pollinators.ie>

Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann: <https://www.ipcc.ie>


An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: <https://www.npws.ie>

An Chomhairle Oidhreacht: <https://www.heritageinschools.ie/teachers-resources>

An Taisce: <https://www.antaisce.org>

Ná fág lorg Éireann: <https://www.leavenotraceireland.org>

Léigh Leat: www.leighleat.com/nádúr/leibhéal/Bláthanna



Leabhair agus Ailt

Uí Chonchubhair, M. (1995) **Flóra Chorca Dhuibhne**. Baile an Fheirtéaraigh: Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Uí Chonchubhair, M. (2024) **Crainn & Toir**. An Daingean: Dingle Publishing.

Browne, J. (2020). **Gardening for biodiversity**. Laois County Council.

Dolan, A. M. (Ed.). (2021). **Teaching climate change in primary schools: An interdisciplinary approach**. Routledge.

Kim H. (2025) **Flowers and friends in the garden: Learn to draw with simple shapes and online tutorials**.

Madden, P. (2011) **Go wild at school**.

Ní Lamhna, E. (2009) **Wild things at school: A book for primary school teachers**. Meath County Council.

Ní Lamhna, E. (2022) **Wild and wonderful: Around the world with Éanna**. O' Brien Press.

Roinn Oideachais (1978) **Ainmneacha Plandaí agus Ainmhithe: Flora and Fauna Nomenclature**. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Parnell, J. (Ed.). (2012). **Webb's An Irish Flora**. Cork University Press.

Williams, N. (1993) **Díolaim Luibheanna**. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Wyse Jackson, P. (2014) **Ireland's Generous Nature: The Past and Present Uses of Wild Plants in Ireland**. St. Louis: Missouri Botanical Garden Press.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Flóra na
hÉireann



OLLSCOIL NA
GAILLIMHE
UNIVERSITY
OF GALWAY

Ionad an Acadaimh · Carna
timpeallacht | teanga | traidisiún